

ÍOSA NA FIRINNE, DIA DÍLIS AN ATHAR

Íosa na firinne dia dílis an athair
O sé rinne a gceannacht ón daor úd
A d'fhulaing an pháis agus bás gan aon mhasla
A thabhairt sasamh ins na peacaí seo gníos muid.

Cuireadh sa tuamba go fonnmhar 's leac air
Ba é an sampla san áirnidh Dia hAoine é.
Baineadh an fheoil de agus go leor leor de'n chraiceann
'S bhí sé lag marbh claidhte.

Bhí garda chomh láidir an lá úd dhá fhaire
'S nach leigfeadh siad aon neach na ghaobhar
Tháinig na trí Mhuire ag an doras ar maidin
Dhá oscail mar tháinig na ríghte

Agus bheannuigh sé dhóibh do na briathra bréag beannuighthe
Cé ndearnadar achar ár dTighearna
D'iodhlach muid sa tuamba é má chuirfe sé an fear úd
Ní féidir gur neach ar bith saoghalta é

Bhí fuil a chroidhe istigh thríd na thaobh treasna
'S iad a fíor rádh nach seasfeach sé an oidhche.

7

Gur bhé an t-éinín coiligh a bhí shíos sa bhfiuchadh
Gur b'in é an gléas magadh chuaidh ar Íosa
go n-eirighthe an coileach aníos as an bhfiuchadh.
Ní baoghal dó an ais eirighe dhéanamh.

'S d'eirigh an coileach aníos as a bhfiuchadh
'S ar bhord an choire chuir glaoth ar.
Nuair a chualadh na mná trácht ar an gcoileach.
Ní dhearnadar stad ná sgith ar bith
Go ndeachaidh siad un na thuamba go moch
Moch ar maidin
Go leigheasaidís créachtaí Iosa.

Tháinig an t-aingeal is réidhtigh sé an bealach
'S thóg sé an leac as a bhfiadhnaís
Bhí leac ar an tuamba is ní thóigfeadh céad fear í.
'S thóg an t-aingeal a bhí naomhtha í.
Chuaidh Muire Mághdélan go humhall éasgadh isteach ann
Gur chuarta sí an tuamba thar timcheall
8
Chuarta sí an tuamba go beo agus go gasta
's ní bhfuair sí aon amharc ar losa

Fuair sise an tais-éadach leis féin ag an mballa
'S an méid a bhí faire an Chuirp Naomhtha.
Ní rinne sí níos mó dhá thóir ná dhá lorg
Nuair a fuair sise an aiseirighe déanta.

Tháinig sé chucabh an treas lá
Thréis an aiseirighe dhéanamh.
'S bheannaigh sé dóibh ins na briathra breágh beannuighthe
go ndéanfadh sé a gceannacht ón daor úd.

Brisim an t-arán seo i láthair láimh mo chuid asbal
'S a Pheadair caithigidh an biadh seo
Cé íosfas an t-arán seo íosfadh sé mise
Idir fheoil, fhuil, agus diadhachta

Tá mo chuid Fíona-sa déanta i t-Fhiadhnaís a Pheadair.
Agus a Pheadair caithigidh an fíon seo
9
Cé d'ólas an fíon seo d'olfeadh sé an fhuil
A bhí tigheacht na tuillte as mo chliabhrach.
Tá mo theampall-sa déanta i t-fiadhnaís a Pheadair.
'S a Pheadair is gairid ní mhairidh sibh choidhche
má masluighear an cholainn ní baoghalach do'n anam.
Is na séanaigidh m'Ainm-sa choidhche
Ámén.